An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Ráiteas Bliantúil Aschuir 2010

Aibreán 2010

CLÁR ÁBHAR

1. Túseolas..... 3

2. An Buiséad le haghaidh Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh…….4
2.1 Staid Foriomlán …….4
2.2 Miondealú ar Ollchaiteachas na Roinne de réir Scéime/Seirbhíse & Riarachán ……5
2.3 Miondealú ar Ollchaiteachas de réir Cláir …….6

3. Clár 1 – Leanaí & Teaghlaigh ……...8

4. Clár 2 – Daoine in Aois Oibre ……....11

5. Clár 3 – Seanóirí agus Daoine ar Scor…… 17

6. Clár 4 – Daoine faoi Mhíchumas ……22

7. Clár 5 – Bochtaineacht & Cuimsiú Sóisialta ……..26

8. Clár 6 – Aitheantas agus Teacht Slán ar Sheirbhísí ……30

9. Clár 7 – Cumas Oibriúcháin & Nuachóiriú ……33

1. Túseolas

Tuairiscíonn an Ráiteas Bliantúil Aschuir don bhliain 2010 dul chun cinn maidir le cur i ngníomh Ráiteas Straitéise 2008-2010 na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

An 23 Márta 2010, d'fhógair an Taoiseach roinnt athruithe suntasacha ar fheidhmeanna na Roinne a athchumraíodh mar an Roinn Coimirce Sóisialaí le héifeacht ón 2 Bealtaine 2010. Tá reachtaíocht á cur i dtoll a chéile ar bhonn tosaíochta chun clár fostaíochta agus seirbhísí pobail FÁS, agus an Scéim Sóisialta Tuaithe agus an Clár Seirbhísí Pobail a aistriú ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Aistreofar cúram scéimeanna Iomarcaíochta & Dócmhainneachta na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí le héifeacht ón 1 Eanáir 2011. Le héifeacht ón 2 Bealtaine 2010, aistreofar cúram as beartas um chuimsiú sóisialta agus gnóthaí teaghlaigh chuig an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

I gcomhréir leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, ní mór Ráiteas Straitéise a réiteach comhdhéanta de phríomhchuspóirí, aschuir agus straitéisí gaolmhara na Roinne athchumraithe. Beidh an Ráiteas Straitéise seo mar bhonn le Ráiteas Bliantúil Aschuir 2011.

Tuairiscíonn RBA 2010 mar a chuirtear i láthair anseo é ar spriocanna a socraíodh i RBA na bliana 2009 agus cuireann i láthair spriocanna don bhliain 2010 bunaithe ar Ráiteas Straitéise 2008-2010. Bhí an Ráiteas críochnaithe nach mór tráth fhógra an Taoisigh.

Eagraíodh Ráiteas Bliantúil Aschuir 2010 timpeall cláir chaiteachais a léiríonn na spriocanna ardleibhéil i Ráiteas Straitéise na Roinne. Aicmítear na scéimeanna éagsúla a oibríonn an Roinn, a bheag nó a mhór, i dtéarmaí cur chuige bunaithe ar shaolré, mar shampla, leanaí, daoine in aois oibre, seanóirí agus daoine faoi mhíchumas. Baineann scéimeanna áirithe le gach cuid den saolré chun dul i ngleic le staideanna bochtaineachta agus cuimsithe sóisialta. Clár ar leith eile, ar a dtugtar 'Cumais Oibriúcháin agus Nuachóiriú', a chlúdaíonn riarachán lárnach agus seirbhísí tacaíochta, seachas iad a leithdháileadh ar bhonn barúlach trasna na gclár eile. Meastar gur fearr mar a léiríonn sé sin an iarracht riaracháin chorparáideach a theastaíonn chun seirbhísí a sholáthar don phobal.

Nascann an Ráiteas Bliantúil Aschuir acmhainn airgeadais agus foirne na Roinne le haschuir ar leith a bhaineann go priomha le seirbhís do chustaiméirí a thomhastar le hamanna próiseála éileamh agus bearta chun calaois leasa shóisialaigh a rialú.

.

2. Staid Bhuiséadach Foriomlán na Roinne

2.1 Ollchaiteachas le haghaidh Vóta 38 & an Ciste Árachais Shóisialaigh

	2009 Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh € milliún	2009 Toradh Sealadach € milliún	2010 Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh € milliún	% d'athrú ar Thoradh Sealadach 2009
Ollchaiteachas Vóta 38	11,130.1	10,868.5	13,132.5	6.6%
Lúide aistrithe an Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS):				
Fóirdheontais don CÁS			1551.4	
Costais riaracháin a aisghabhadh ón CÁS	181.0	181.0	181.0	0
Caiteachas coigeartaithe Vóta 28	10,949.1	10,687.5	11,400.1	6.7%
Caiteachas an Chiste Árachais Shóisialaigh	10,322.2	9,746.8	9,559.7	-1.9%
Ollchaiteachas Iomlán na Roinne GST	**21,271.3**	**20,434.3**	**20,959.8**	**2.6%**
Leithreasaí i gCabhair (seachas Riarachán Chiste Árachais Shóisialaigh an RGST)	- 32.1	- 36.2	- 31.7	-12.4%
Glanchaiteachas an RGST	21,239.2	20,398.1	20,928.1	2.6%
- Pá Státchiste	229.5	237.5	227.9	-4.1%
Líon na bhfostaithe seirbhíse poiblí san áireamh sa phá Státchiste thuas				
- Roinn		4,875		
- Gníomhaireachtaí		126		

2.2 Miondealú ar Ollchaiteachas an RGST de réir Scéime / Seirbhíse & Riaracháin

	2009 Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún	2009 Toradh Sealadach € milliún	2010 Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún	% d'athrú ar Thoradh Sealadach 2009
Caiteachas Scéime & Seirbhíse	20,719.1	19,897.2	20,408.8	2.6%
Caiteachas Riaracháin (féach an nóta)	552.2	537.1	551.0	2.6%
Ollchaiteachas an RGST	21,271.3	20,434.3	20,959.8	2.6%
Caiteachas riaracháin mar % d'ollchaiteachas an RGST	2.6%	2.6%	2.6%	

Nóta : Áirítear mar chaiteachas riaracháin thuas costais riaracháin an Liúntais Leasa Forlíontaigh (LLF) a íoctar leis an FSS ó fho-mhírcheann LLF. Taispeántar caiteachas riaracháin ar bhonn comhlán ar leith ó Leithreasa i gCabhair

2.3 Miondealú ar Ollchaiteachas de réir Cláir

Ainm an Chláir	2009 Measachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún	2009 Toradh Sealadach € milliún	2010 Measachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún	% d'athrú in 2010 ar thoradh 2009	2010 % de Ollchaiteachas an RGST
1. Leanaí & teaghlaigh	3,381.8	3,377.6	3,270.9	-3.2%	15.6%
2. Daoine in aois oibre	8,688.2	7,956.7	8,460.3	6.3%	40.4%
3. Seanóirí & Daoine ar Scor	5,783.6	5,762.9	5,819.5	1.0%	27.8%
4. Daoine faoi mhíchumas	2,145.2	2,173.5	2,216.3	2.0%	10.6%
5. Bochtaineacht & Cuimsiú Sóisialta	1,117.9	1,036.2	1,019.1	-1.6%	4.9%
6. Bainistiú Aitheantais & Teacht Slán ar Sheirbhísí	17.2	9.1	19.9	118.4%	0.1%
7. Cumais Oibriúchain & Nuachóiriú	137.4	118.3	153.7	29.9%	0.7%
Ollchaiteachas an RGST	21,271.3	20,434.3	20,959.8	2.6%	100%


RBA 2010 Caiteachas Comhlán de réir Cláir
15.6%
40.4%
27.8%
10.6%
0.7%
0.1%
4.9%
Leanaí agus Teaghlaigh €3270.9m
Daoine in Aois Oibre €8460.3m
Daoine ar Scor agus Daoine Scothaosta €5819.5m
Daoine faoi Mhíchumas €2216.3m
Cumas Oibriúcháin €153.7m
Bochtaineacht agus Cuimsiú Sóisialta €1019.1m
Bainistíocht Aitheantais & Teacht Slán ar Sheirbhísí €19.9m

3. Clár 1 – Leanaí & Teaghlaigh

Sprioc Ardleibhéal

Chun cuidiú le leas leanaí agus teaghlaigh trí thacaíochtaí ioncam agus tacaíochtaí eile agus rannpháirtíocht san fhostaíocht a éascú

Táscaire tionchair chomhiomláin

a) Rátaí bochtaineachta leanúnaí do leanaí

b) Rátaí bochtaineachta leanúnaí do theaghlaigh

Gheofar achoimre sa tábla seo a leanas ar na rátaí bochtaineachta leanúnaí do leanaí agus do theaghlaigh ó 2005. Baineann an t-ábhar maidir le bochtaineacht leanúnach is deireanaí dá bhfuil ar fáil leis an mbliain 2008.

Rátaí Bochtaineachta Leanúnaí le haghaidh Leanaí & Teaghlaigh

	Gach Leanbh 0-17	Duine Fásta agus Leanaí	Beirt Aosach 1-3 Leanbh	Teaghlaigh eile a bhfuil leanaí iontu
	%	**%**	**%**	**%**
2006	10.3	33.9	3.8	5.9
2007	7.4	20.1	2.6	6.0
2008	6.3	17.8	3.0	4.1

Príomhstraitéisí chun an Sprioc Ardleibhéil a bhaint amach

1.1 Beartais oiriúnacha a cheapadh agus a chur chun feidhme chun raon tacaíochtaí ioncaim agus tacaíochtaí eile a sholáthar do leanaí agus do theaghlaigh

1.2 Dul chun cinn a dhéanamh i leith bhaint amach spriocanna tacaíochta ioncaim sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta*

1.3 Tacaíochtaí a leathnú chun díríú ar leanaí scoile faoi mhíbhuntáiste

1.4 Tacú le daoine ar ioncam íseal, a bhfuil leanaí acu, chun poist a ghlacadh nó fanacht sa lucht oibre

1.5 Bheith rannpháirteach i bhforbairt agus i gcur chun feidhme bheartais slándála sóisialta agus reachtaíocht an AE agus bheartais slándála sóisialta agus reachtaíocht idirnáisiúnta

1.6 Go bhfaigheadh custaiméirí an íocaíocht cheart ar an dáta íocaíochta dlite

1.7 Iarratais ar íocaíochtaí agus ar sheirbhísí a phróiseáil go tráthúil, go cruinn agus go héifeachtúil

1.8 Calaois agus earráidí a laghdú bunaithe ar mheasúnú ar riosca agus féachaint chuige go dtéitear sa tóir ar gach fiach

Clár 1 – Leanaí & Teaghlaigh				
Ionchuir				
	2009 Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún	**2009 Toradh sealadh € milliún**	**2010 Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún**	**% d'athrú in 2010 ar thoradh 2009**
Caiteachas ar Chláir - Reatha	3,369.1	3,367.2	3,261.5	-3.1%
Riarachán na gClár				
- Pá	7.2	6.9	6.6	-5.3%
- Neamhphá	5.5	3.5	2.9	-15.7%
Caiteachas Comhlán ar Chláir	3,381.8	3,377.6	3,270.9	-3.2%
An líon foirne atá fostaithe ar chlár (coibhéisí lánaimseartha) amhail ag deireadh na bliana				
- Roinn		160.4		
- An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh		40.0		

Clár 1 - Leanaí & Teaghlaigh - Leibhéal Gnó

		2009		2010
Leibhéal gnó		**Bonn don mheastachán**	**Iarbhír**	**Bonn don mheastachán**
Scéim	**Tomhas**			
Sochar Linbh	Meánlíon na dtairbhithe linbh	1,173,500	1,140,000	1,135,800
Scéimeanna ina n-íoctar méadú as leanaí	Meánlíon na dtairbhithe linbh	450,000	522,013	530,000
An Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	Meánlíon na dteaghlach	31,000	25,247	31,000
Liúntas Éadaí & Coisbhirt don Scoilbhliain Nua	Líon na dtairbhithe linbh	220,000	280,000	320,000
	Líon na dteaghlach	110,000	140,000	160,000
Béilí Scoile	Líon na mbéilí	218,000	206,500	206,500
	Líon na scoileanna	1,973	2,000	2,000

Clár 1 - Teaghlaigh & Leanaí - Spriocanna Próiseála Éileamh & Feidhmíocht

Scéim	**Critéir um Thomhas Feidhmíochta**	**Sprioc 2009**		**Bainte amach 2009**			**Sprioc 2010**	
		Sprioc Dámhachtana	**Comhthéacs Méide** (Éilimh dáfa, diúltaithe & aistarraingthe)	**Líon na n-éileamh dáfa**	**% na n-éileamh dáfa faoin spriocam imréitigh**	**Líon iomlán na n-éileamh imréitithe**	**Sprioc Dámhachtana**	**Comhthéacs Méide** (Éilimh dáfa, diúltaithe & aistarraingthe)
Sochar Linbh	Tréimhsí próiseála i gcás éileamh nua (intíre)	90% in 2 sheachtain	34,800	48,516	N/F	53,041	90% in 2 sheachtain	34,800
	Tréimhsí próiseála i gcás éileamh nua (rialacháin an AE)	Críoch Meitheamh	Glan riaráiste de 6,300	4,934	N/F	N/F	Gan a bheith ar fáil	Riaráiste de 2,070 a ghlanadh
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	Tréimhsí próiseála i gcás éileamh nua	90% in 6 seachtaine	19,200	12,573	26%	20,034	90% in 6 seachtaine	19,200
Nóta	Éilimh dáfa : Éilimh a fhaigheann cinneadh dearfach agus a íocfar							
	Éilimh imréitithe : Gach éileamh cinnte, idir chinntí dearfacha agus chinntí gan éileamh a dhámhachtain. Éilimh a aistarraingíonn custaiméirí i ndiaidh chlárú an éileamh ar áireamh chomh maith							
	N/A : Níl siad ar fáil							
	Ní raibh tuairiscí feidhmíochta maidir le próiseáil éileamh i gcomparáid leis an sprioc Sochar Linbh ar fáil don bhliain 2009 de bharr deacrachtaí teicniúla leis an							

Clár 1 - Leanaí & Teaghlaigh - Spriocanna Rialacha agus Feidhmíocht

Spriocanna Rialacha	**2009**				**Spriocanna 2010**	
Scéim	**Sprioc**		**Líon na n-athbhreithnithe déanta**	**Airgead Spáráilte**	**Líon na n-athbhreithnithe**	**Airgead Spáráilte**
	Athbhreithnithe	**Airgead Spáráilte**				
Sochar Linbh	152,000	€95m	288,050	€89.08m	302,000	€82.5m
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	23,000	€10.5 m	24,611	€17.42m	23,000	€17m

Clár 1 - Leanaí & Teaghlaigh - Aschuir Beartais

	2009		**2010**
Aschuir ardleibhéal eile	**Sprioc 2009**	**Bainte amach 2009**	**Sprioc 2010**
Tacaíocht Ioncaim Linbh - Luach ar Airgead agus Athbhreithniú ar Bheartas	héad chéim críochnaithe faoi dheireadh	Aontaíodh téarmaí tagartha i gcomhair an athbhreithnithe ar chaiteachas agus bunaíodh grúpaí stiúrtha faoi chathaoirleach neamhspleách. Aontaíodh réamhthuarascáil agus aithníodh príomhcheisteanna le breithniú mar chuid den athbhreithniú.	Tuarascáil iomlán sa bhliain 2010

4. Clár 2 – Daoine in Aois Oibre

Sprioc Ardleibhéal

Tacaíocht ioncaim agus tacaíochtaí eile a sholáthar do dhaoine in aois oibre agus iad a éascú chun post a ghlacadh nó dul i mbun oiliúna, oideachais no forbartha.

Táscairí an tionchair chomhiomláin

a) ***Rátaí rannpháirtíochta san fhostaíocht i gcás catagóirí éagsúla daoine in aois oibre***

Rannpháirtíocht sa Lucht Saothair, Rátaí Fostaíochta agus Dífhostaíochta (C4 gach bliain)

Bliain	Ráta rannpháirtíochta %[1]:	Ráta fostaíochta %[2];	Ráta dífhostaíochta %
2006	63.2	68.9	4.0
2007	63.8	68.9	4.5
2008	62.9	66.0	7.6
2009	61.2	61.1	12.4

1 Is ionann an Ráta Rannpháirtíochta agus líon na ndaoine sa lucht saothair arna shonrú mar chéatadán den daonra iomlán ag aois 15 nó os a chionn.

2 Is ionann an Ráta Fostaíochta agus lion na ndaoine fostaithe ag aois 15 go 64 arna shonrú mar chéatadán den daonra iomlán ag aois 15 go 64

Daoine ag aois 15 bliain agus os a chionn, stádas eacnamaíochta de réir na hOifige Idirnáisiúnta Saothair ,000

Gach duine	4ú. Ráithe 2007	4ú. Ráithe 2008	4ú. Ráithe 2009
Fostaithe	2,138.8	2,054.6	1,887.7
go lánaimseartha	1,752.7	1,661.5	1,468.3
go páirtaimseartha	386.1	393.1	419.5
go páirtaimseartha, ach ní tearcfhostaithe	382.6	379.2	404.3
go páirtaimseartha, tearcfhostaithe	3.5	13.9	15.2
Dífhostaithe	101.0	169.7	267.4
ag lorg poist lánaimseartha	84.3	150.0	247.7
ag lorg poist pháirtaimseartha	16.8	19.7	19.7
Lasmuigh den lucht saothair, 15 bliain nó os a chionn	1,272.5	1,309.5	1,365.8
Ceangal imeallach leis an lucht saothair	11.5	11.4	21.9
Eile	1,261.0	1,298.1	1,343.9
Iomlán na ndaoine ag aois 15 agus os a chionn	**3,512.3**	**3,533.9**	**3,521.0**

Foinse: Suirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh na Príomh-Oifige Staidrimh

b) ***Rátaí bochtaineachta leanúnaí i gcás daoine in aois oibre***

Gheofar sna táblaí seo a leanas na rátaí céatadáin de bhochtaineacht leanúnach i gcás daoine in aois oibre:

Bliain	Bochtaineacht leanúnach %
2006	5.6
2007	4.7
2008	3.9



Príomhstraitéisí chun an Sprioc Ardleibhéil a bhaint amach

2.1 Cinntiú go dtacaíonn scéimeanna agus beartais leasa shóisialaigh le daoine in aois oibre

2.2 Cinntiú go n-éascaíonn scéimeanna agus beartais leasa shóisialaigh daoine in aoise oibre chun bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair

2.3 Clúdach agus sochair ÁSPC a fhorbairt chun freastal do riachtaais grúpaí éagsúla

2.4 Daoine in aois oibre a éascú chun poist a ghlacadh nó dul i mbun oideachais, oiliúna nó forbartha

2.5 Leanúint de bheith ag forbairt tacaíochtaí ioncaim do chúramóirí in aois oibre agus ina dhiaidh

2.6 Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo bhaint amach na spriocanna tacaíochta ioncaim atá sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta*

2.7 Bheith rannpháirteach i bhforbairt agus i gcur chun feidhme bheartais slándála

sóisialta agus reachtaíocht an AE agus bheartais slándála sóisialta agus reachtaíocht idirnáisiúnta

2.8 Go bhfaigheadh custaiméirí an íocaíocht cheart ar an dáta íocaíochta dlite

2.9 Iarratais ar íocaíochtaí agus ar sheirbhísí a phróiseáil go tráthúil, go cruinn agus go héifeachtúil

2.10 Calaois agus earráidí a laghdú bunaithe ar mheasúnú ar riosca agus féachaint chuige go dtéitear sa tóir ar gach fiach

Clár 2 – Daoine in Aois Oibre				
Ionchuir				
	2009 Measachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún	**2009 Toradh sealadh € milliún**	**2010 Measachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún**	**% d'athrú in 2010 ar thoradh 2009**
Caiteachas ar Chláir - Reatha	8,448.6	7,705.0	8,221.9	6.7%
Riarachán na gClár				
- Pá	145.1	151.9	149.1	-1.8%
- Neamhphá	94.5	99.8	89.3	-10.6%
Caiteachas Comhlán ar Chláir	8,688.2	7,956.7	8,460.3	6.3%
An líon foirne atá fostaithe ar chlár (coibhéisí lánaimseartha) amhail ag deireadh na bliana				
- Roinn		3150.8		

Clár 2 - Daoine in Aois Oibre - Leibhéal Gnó

	2009		2010
Leibhéal Gnó	**Meánlíon na bhfaighteoirí**		**Meánlíon na bhfaighteoirí**
Scéim	**Bonn don mheastachán**	**Toradh**	**Bonn don mheastachán**
Sochar Cuardaitheora Poist	203,516	158,000	146,000
Liúntas Cuardaitheora Poist	177,889	163,081	235,170
Liúntas Cúnaimh Feirme	7,450	7,720	8,400
Liúntas Réamhscoir	8,700	8,000	6,500
Liúntas um Fhilleadh ar an Obair	9,350	6,950	6,600
Liúntas um Fhilleadh ar an Oideaachas	9,200	18,000	18,000
Sochar Máithreachais & scéimeanna gaolmhara	24,354	23,728	25,130
Sochar Breoiteachta	68,200	78,000	78,200
Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora	87,900	86,600	87,900
Pinsean Baintrí / Baintrí Fir (Ranníocaíoch) & Caomhnóra	34,140	33,810	34,140
Liúntas Cúramóra	42,562	47,000	52,000
Sochar Cúramóra	2,800	2,500	2,100
Meánlíon na bhfaighteoirí	**676,061**	**633,389**	**700,140**
Deontais Cúraim Sosa	66,000	58,344	62,200
Deontais Méala	5,000	4,997	5,000
Sochair Chóireála	1,042,615	1,143,695	650,000

Clár 2 - Daoine in Aoise Oibre - Spriocanna agus Feidhmíocht Próiseála Éileamh

Scéim	Sprioc 2009		Bainte amach 2009			Sprioc 2010	
	Sprioc Dámhachtana i gcás Éileamh Nua	Comhthéacs Méide (Éilimh dáfa, diúltaithe & aistarraingthe)	Líon na n-éileamh dáfa	% na n-éileamh dáfa faoin spriocam imréitigh	Líon iomlán na n-éileamh imréitithe	Sprioc nua um dhámhachtain éileamh	Comhthéacs Méide (Éilimh dáfa, diúltaithe & aistarraingthe)
Sochar Cuardaitheora Poist	90% in 3 seachtaine	285,600	317,620	68%	381,869	90% in 3 seachtaine	285,600
Liúntas Cuardaitheora Poist	90% in 6 seachtaine	192,000	176,912	65%	257,137	90% in 6 seachtaine	192,000
Sochar Máithrachais agus scéimeanna gaolmhara	90% faoin dáta dlite	54,000	48,367	95%	50,395	90% faoin dáta dlite	54,000
Sochar Breoiteachta	90% in 1 seachtain	276,000	262,864	71%	312,468	90% in 1 seachtain	276,000
Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora	85% in 9 seachtaine	15,600	13,967	47%	19,711	85% in 9 seachtaine	15,600
Pinsean Baintrí / Baintrí Fir (Ranníocaíoch) & Caomhnóra	90% in 10 seachtaine	7,200	6,110	89%	7,536	90% in 10 seachtain	7,200
Liúntas Cúramóra	90% in 12 sheachtain	20,000	10,730	72%	17,957	90% in 12 sheachtain	20,000
Sochar Cóireála	90% in 3 seachtaine	85,000	1,006,232	81%	1,064,803	90% in 3 seachtaine	650,000

Clár 2 - Daoine in Aois Oibre - Spriocanna Rialacha agus Feidhmíocht

Spriocanna Rialacha / Scéim	Sprioc 2009		Bainte amach 2009		Sprioc 2010	
	Líon na n-athbhreithnithe déanta	Airgead spáráilte	Líon na n-athbhreithnithe déanta	Airgead spáráilte	Líon na n-athbhreithnithe déanta	Airgead spáráilte
Sochar Cuardaitheora Poist & Liúntas Cuardaitheora Poist	150,000	€202m	141,859	€60.60m	130,000	€80.9m
Sochar Breoiteachta & Athbhreithnithe Míochaine (gach scéim a bhaineann le breoiteacht)	148,000	€52.75m	152,984	€64.99m	164,000	€79.5m
Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora & cothabhála	87,000	€127m	74,932	€117.13m	77,500	€119.51m
Líúntas Cúramóra (seachas athbhreithnithe míochaine)	2,500	€8.0m	2,948	€12.87m	5,500	€16.50m
Cigireachtaí ÁSPC	5,000	€7m	1,560	€5.59m	5,000	€5.90m

Clár 2 - Daoine in Aois Oibre -- Aschuir Bheartais Cheannlíne

Aschuir Bheartais Cheannlíne	Sprioc 2009	Bainte amach 2009	Sprioc 2010
Forbairt íocaíochta nua cúnaimh shóisialta do thuismitheoirí aonair a bhrostú	Dul chun cinn déanta i leith cinneadh ar na tograí um leasú	An tuarascáil críochnaithe, nach mór	An tuarascáil a chríochnú agus a fhoilsiú mar phlédhoiciméad. Leanúint leis an obair d'fhonn creat a fhorbairt le haghaidh íocaíochta aonair cúnaimh shóisialta.
An Fochlár Gníomhachtúcháin um Rannpháirtíocht Shóisialta agus Eacnamaíoch a bhunú faoin bPlean Náisiúnta Forbartha	10 éascaitheoir breise le ceapadh, 20,000 cás le hatreorú chuig éascaitheoirí.	I gcaitheamh 2009 atreoraíodh 22,216 cás chuig ón Aonad Gníomhachtúcháin chuig éascaitheoirí.	
Atreoruithe chuig FÁS faoin bPlean Gníomhaíochtaí Fostaíochta	Méadú ar chumas An Phlean Ghníomhaíochta Fostaíochta chuig tuairim is 62,000. Méadú de 28,000 eile ar shliotáin agallaimh trí ghréasán na seirbhísí áitiúla fostaíochta (LESN)	Sa tréimhse Eanáir go deireadh Nollaig 2009, atreoraíodh 86,782 duine chuig FÁS.	Á athbhreithniú i bhfianaise aistriú Sheirbhís Fostaíochta FÁS chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí.

5. Clár 3 – Daoine ar Scor agus Daoine Scothaosta

Sprioc Ardleibhéal

Pinsin leordhóthanacha, slána agus inbhuanaithe agus tacaíochtaí cuí eile a sholáthar agus a chur chun cinn do dhaoine ar scor agus do dhaoine scothaosta

Táscairí an tionchair chomhiomláin

Rátaí Bochtaineachta do dhaoine scothaosta

Gheofar sa tábla seo a leanas rátaí bochtaineachta i gcás daoine ar scor agus daoine scothaosta:

Rátaí Bochtaineachta agus Baol Bochainteachta i gcás daoine scothaosta (65+ d'aois), suirbhé SILC

Bliain	Bochtaineacht leanúnach %	Baol Bochtaineachta %
2006	2.2	13.6
2007	2.0	16.6
2008	1.4	11.1

Rátaí cumhdaigh i gcás an phinsin fhorlíontaigh

Gheofar sa tábla seo a leanas treochtaí i gcumhdach an Phinsin Fhorlíontaigh:

Cumhdach Forlíontach Pinsin			
	Baill Scéim Shochair Shainithe	Baill Scéim Rannioca Shainithe	Cuntais Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSAs)
2007	555,244	269,465	130,709
2008	577,011	272,197	155,632
2009	586,488	266,909	170,862

Foinse: An Bord Pinsean

Príomhstraitéisí chun an Sprioc Ardleibhéil a bhaint amach

3.1 Tacaíochtaí ioncaim agus tacaíochtaí eile a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar son daoine ar scor agus daoine scothaosta ar aon dul le beartas an Rialtais

3.2 Creat a fhorbairt i leith beartais pinsin fhadtéarmach, i ndiaidh próisis chomhairliúcháin ar an b*Páipéar Glas um Pinsin*

3.3 I bhfianaise an chreata um beartas pinsin don todhchaí, cinntiú nach gcuireann scéimeanna leasa shóisialaigh bac ar dhaoine scothaosta fanacht sa lucht saothair nó filleadh air

Príomhstraitéisí chun an Sprioc Ardleibhéil a bhaint amach

3.4 Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo bhaint amach na spriocanna tacaíochta ioncaim atá sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta*

3.5 Dul i bpáirt leis an mBord Pinsean chun soláthar forlíontach pinsin a chur chun cinn

3.6 Bheith rannpháirteach i bhforbairt agus i gcur chun feidhme bheartais slándála sóisialta agus reachtaíocht an AE agus bheartais slándála sóisialta agus reachtaíocht idirnáisiúnta

3.7 Go bhfaigheadh custaiméirí an íocaíocht cheart ar an dáta íocaíochta dlite

3.8 Iarratais ar íocaíochtaí agus ar sheirbhísí a phróiseáil go tráthúil, go cruinn agus go héifeachtúil

3.9 Calaois agus earráidí a laghdú bunaithe ar mheasúnú ar riosca agus féachaint chuige go dtéitear sa tóir ar gach fiach

Clár 3 – Daoine ar Scor agus Daoine Scothaosta				
Ionchuir				
	2009 Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún	**2009 Toradh sealadh € milliún**	**2010 Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún**	**% d'athrú in 2010 ar thoradh 2009**
Caiteachas ar Chláir - Reatha	5,701.5	5,677.6	5,736.9	1.0%
Riarachán na gClár				
- Pá	18.3	17.6	16.7	-5.2%
- Neamhphá	63.8	67.7	65.9	-2.6%
Caiteachas Comhlán ar Chláir	5,783.6	5,762.9	5,819.5	1.0%
An líon foirne atá fostaithe ar chlár (coibhéisí lánaimseartha) amhail ag deireadh na bliana.				
- Roinn		393.2		
- An Bord Pinsean		41		
- An tOmbudsman do Phinsin		10		

Cistítear costais tuarastail an Bhoird Phinsin as táillí a bhailíonn an Bord Pinsean.

Clár 3 - Daoine ar Scor agus Daoine Scothaosta - Leibhéal Gnó

		2009		2010
Leibhéal Gnó		Bonn don mheastachán	Iarbhír	Bonn don mheastachán
Scéim	Tomhas			
Pinsean Stáit Ranníocaíoch	Meánlíon na bhfaighteoirí	256,000	259,000	271,000
Pinsean Stáit Neamhranníocaíoch	Meánlíon na bhfaighteoirí	97,710	97,760	97,020
Pinsean Stáit Idirlinne	Meánlíon na bhfaighteoirí	6,800	9,300	6,800
Pinsean Baintrí / Baintrí Fir (Ranníocaíoch) - 70% den iomlán ar an scéim	Meánlíon na bhfaighteoirí	79,100	79,100	79,800
Meánlíon na bhfaighteoirí		**439,610**	**445,160**	**454,620**
Sochair Teaghlaigh	Meánlíon na bhfaighteoirí	378,000	373,000	395,000
Deontas Méala	Líon iomlán na ndeontas íoctha (Daoine ar Scor & Daoine Scothaosta)	20,000	21,708	24,000
Saorthaisteal	Meánlíon na bhfaighteoirí	662,000	674,000	688,000

Clár 3 - Daoine ar Scor agus Daoine Scothaosta - Spriocanna Próiseála Éileamh i gcomórtas le Feidhmíocht

Scéim	Sprioc 2009		Bainte amach 2009			Sprioc 2010	
	Sprioc Dámhachtana	Comhthéacs Méide (dáfa, diúltaithe, aistarraingthe)	Éilimh dáfa	% d'éilimh dáfa laistigh faoin sprioc imréitigh	Líon iomlán na n-éileamh imréitithe	Sprioc Dámhachtana	Comhthéacs Méide (dáfa, diúltaithe, aistarraingthe)
Pinsean Stáit Ranníocaíoch (Intíre)	90% faoin dáta teidlíochta	28,800	17,296	91%	38,318	90% faoin dáta teidlíochta	28,800
Pinsean Stáit (Neamhranníocaíoch)	90% in 10 seachtain	12,000	7,811	73%	10,950	90% in 10 seachtain	12,000
Pinsean Stáit Idirlinne (Intíre)	90% in 6 seachtain	12,000	8,043	88%	19,435	90% in 6 seachtain	12,000
Sochair Teaghlaigh	90% in 4 seachtaine	57,600	66,793	79%	80,172	90% in 4 seachtaine	57,600
Deontas Méala	90% in 4 seachtaine	12,000	20,859	85%	23,295	90% in 4 seachtaine	12,000
Saorthaisteal (pas nua neamhspleách)	90% in 2 sheachtain	12,000	52,638	97%	55,946	90% in 2 sheachtain	12,000

Clár 3 - Daoine Scothaosta agus Daoine ar Scor - Spriocanna Rialtacha & Feidhmíocht

	Sprioc 2009		Bainte amach 2010		Sprioc 2010	
Gníomhaíocht Rialtach	Líon na n-athbhreithnithe déanta	Airgead spáráilte	Líon na n-athbhreithnithe déanta	Airgead spáráilte	Líon na n-athbhreithnithe déanta	Airgead spáráilte
Scéim						
Scéimeanna Pinsin Stáit	14,600	€30m	10,010	€66.27m	20,000	€70.00m
Sochair Teaghlaigh	17,800	€20.5m	18,435	€11.19m	15,800	€12.50m

Clár 3 - Daoine ar Scor agus Daoine Scothaosta - Aschuir an Bheartais Ardleibhéil

Aschuir an Bheartais Ardleibhéil	Sprioc 2009	Bainte amach 2009	Sprioc 2010
Creat fadtéarmach a fhorbairt le haghaidh pinsean	Creat pinsean fadtéarmach a fhoilsiú roimh dheireadh 2009.	Creat Náisiúnta Pinsean ag druidim le críoch ag deireadh 2009.	Creatdoiciméad Náisiúnta Pinsean a chríochnú agus a fhoilsiú.
			Grúpa feidhmithe teicniúil a bhunú chun an bonneagar reachtach, rialacháin agus riaracháin a fhorbairt a bheidh ag teastáil chun na leasuithe sainaitheanta a chur i ngníomh.

6. Clár 4 – Daoine faoi Mhíchumas

Sprioc Ardleibhéal

Tacaíochtaí ioncaim agus tacaíochtaí eile a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus iad a éascú chun glacadh le post, nó dul i mbun oiliúna, oideachais agus forbartha

Táscairí an tionchair chomhiomláin

Rátaí bochtaineachta leanúnaí i gcás daoine faoi mhíchumas

Rátaí bochtaineachta leanúnaí don líon daoine nach n-oibríonn i ngeall ar mhíchumas, suirbhé SILC

Bliain	Bochtaineacht leanúnach %
2006	17.9
2007	15.8
2008	13.2

Príomhstraitéisí chun an Sprioc Ardleibhéil a bhaint amach

4.1 Cinntiú go dtacaíonn scéimeanna agus beartais leasa shóisialaigh le daoine faoi mhíchumas

4.2 Cinntiú go n-éascaíonn scéimeanna agus beartais leasa shóisialaigh daoine faoi mhíchumas chun a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair

4.3 Daoine faoi mhíchumas a éascú chun glacadh le post, nó dul i mbun oideachais, oiliúna nó forbartha

4.4 Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo bhaint amach na spriocanna tacaíochta ioncaim atá sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta*

4.5 Bheith rannpháirteach i bhforbairt agus i gcur chun feidhme bheartais slándála sóisialta agus reachtaíocht an AE agus bheartais slándála sóisialta agus reachtaíocht idirnáisiúnta

4.6 Plean Earnála Míchumas na Roinne a chur i ngníomh

4.7 Na scéimeanna tacaíochta ioncaim Liúntas Cúram Teaghlaigh agus an Deontas Cúraim Sosa agus an Liúntas Cothabhála a aistriú ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chuig an Roinn seo.

4.8 Go bhfaigheadh custaiméirí an íocaíocht cheart ar an dáta íocaíochta dlite

4.9 Iarratais ar íocaíochtaí agus ar sheirbhísí a phróiseáil go tráthúil, go cruinn agus go héifeachtúil

4.10 Calaois agus earráidí a laghdú bunaithe ar mheasúnú ar riosca agus féachaint chuige go dtéitear sa tóir ar gach fiach

Clár 4 – Daoine faoi Mhíchumas				
Ionchuir				
	2009 Measachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún	**2009 Toradh sealadh € milliún**	**2010 Measachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún**	**% d'athrú in 2010 ar thoradh 2009**
Caiteachas ar Chláir - Reatha	2,121.10	2,149.86	2,193.78	2.0%
Riarachán na gClár				
- Pá	9.1	9.0	8.8	-2.5%
- Neamhphá	15.1	14.6	13.7	-6.0%
Caiteachas Comhlán ar Chláir	2,145.30	2,173.5	2,216.3	2.0%
An líon foirne atá fostaithe ar chlár (coibhéisí lánaimseartha) amhail ag deireadh na bliana.				
- Roinn		228.7		

Clár 4 - Daoine faoi Mhíchumas - Leibhéal Gnó

		2009		2010
Leibhéal Gnó		**Bonn don mheastachán**	**Toradh**	**Bonn don mheastachán**
Scéim	**Tomhas**			
Pinsean Easláine	Meánlíon na bhFaighteoirí	55,100	53,700	56,600
Sochar Díobhálacha Ceirde	Meánlíon na bhFaighteoirí	1,330	1,220	1,220
Sochar Easláine	Meánlíon na bhFaighteoirí	13,250	13,400	13,650
Pinsean na nDall	Meánlíon na bhFaighteoirí	1,470	1,470	1,470
Liúntas Míchumais	Meánlíon na bhFaighteoirí	97,700	98,000	101,500
Meán na bhfaighteoirí seachtainiúla		**168,850**	**167,790**	**174,440**
Liúntas Cúraim Bhaile	Meánlíon na bhFaighteoirí	Aistrithe ón FSS go dti an Roinn seo le linn 2009	25,160 ag deireadh bliana	26,000
Deontais Chúraim Sosa	Líon íoctha le faighteoirí an Liúntais Chúraim Baile	Cúram Baile aistrithe ón FSS go dtí an Roinn seo le linn 2009	Cúram Sosa íoctha ag an FSS in 2009. D'íoc an Roinn tuairim agus 400 Deontas Cúraim Sosa in 2009 maidir le héilimh ar Liúntas Cúraim Bhaile a dhámh sí tar éis an scéim a ghlacadh uirthi féin in 2009	27,800

Clár 4 - Daoine faoi Mhíchumas - Spriocanna Próiseála Éileamh i gcomórtas le Feidhmíocht

Scéim	Critéir do Thomhas na Feidhmíochta	Sprioc 2009		Aschur bainte amach sa bhliain 2009			Sprioc 2010	
		Sprioc Dámhachtana	Comhthéacs Méide (dáfa, diúltaithe, aistarraingthe)	Éilimh dáfa	% d'éilimh dáfa laistigh den spriocam imréitigh	Éilimh imréitithe	Sprioc Dámhachtana	Comhthéacs Méide (dáfa, diúltaithe, aistarraingthe)
Pinsean Easláine	Tréimhsí próiseála i gcás éileamh nua	90% in 6 seachtaine	7,800	4,580	31%	7,513	90% in 6 seachtaine	7,800
Sochar Díobhálacha Ceirde	Tréimhsí próiseála i gcás éileamh nua	90% in 1 seachtain	11,400	11,516	82%	14,837	90% in 1 seachtain	11,400
Liúntas Míchumais	Tréimhsí próiseála i gcás éileamh nua	90% in 12 sheachtain	21,000	10,179	46%	20,504	90% in 12 sheachtain	21,000

Clár 4 - Daoine faoi Mhíchumas - Spriocanna Rialacha & Feidhmíocht

	Sprioc 2009		Aschur bainte amach sa bhliain 2009		Sprioc 2010	
Scéim	**Líon na n-athbhreithnithe déanta**	**Airgead spáráilte**	**Líon na n-athbhreithnithe déanta**	**Airgead spáráilte**	**Líon na n-athbhreithnithe déanta**	**Airgead spáráilte**
Scéimeanna a bhaineann le míchumas (seachas Athbhreithnithe Míochaine)	19,000	€26.75m	29,333	€24.93m	24,000	€31.00m

Clár 4 - Daoine faoi Mhíchumas - Aschuir Bheartais Ardleibhéal

Aschuir an Bheartais Ardleibhéil	Sprioc 2009	Toradh bainte amach sa bhliain 2009	Sprioc 2010
Tionscadal Fostaíochta Míchumais a bhunú le haghaidh daoine faoi mhíchumas, le cistiú ó Chiste Sóisialta na hEorpa	1) 500 cuireadh le heisiúint le haghaidh agallamh duine le duine	Le dhá bhliain anuas, tugadh cuireadh chun agallaimh do 680 duine ar íocaíochtaí bainteach le breoiteacht agus díobh sin, bhí cruinniú ag 332 dhuine le foireann tionscadail ar bhonn duine le duine chun pleananna pearsanta forchéimniúcháin a chomhlánú.	
Athbhreithniú Luach ar Airgead ar an scéim Liúntais Mhíchumais	Críochnaithe faoi Mheán Fómhair 2009.		Tuarascáil le foilsiú i lár na Bealtaine 2010
Bonn reachtach a sholáthar d'aistriú an Liúntais Chúraim Bhaile ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	Tús le scéim le haghaidh éileamh nua an 1ú Aibreán 2009, agus tá an aistriú an stoic de circa 23,600 éileamh FSS a bhí ann cheana ann le bheith críochnaithe roimh dheireadh Lúnasa 2009	Ghlac an roinn cúram uirthi féin maidir le héilimh nua in Aibreán 2009, agus d'aistrigh faighteoirí reatha an liúntais go dtí an Roinn ón FSS i Meán Fómhair 2009. Scéim reachtach is ea an scéim Liúntais Chúraim Bhaile anois agus foráiltear do reachtaíocht phríomhúil san Acht um Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin 2008.	

7. Clár 5 – Bochtaineacht & Cuimsiú Sóisialta

Sprioc Ardleibhéal

Torthaí níos fearr a fháil ar an ngleic le bochtaineacht agus sochaí níos cuimsithí a bhaint amach trí sheirbhísí tacaíochta ioncaim agus seirbhísí eile a sholáthar agus cur chun feidhme straitéisí an Rialtais um chuimsiú sóisialta a chomhordú.

Táscairí an tionchair chomhiomláin

a) Rátaí bochtaineachta leanúnaí

Bliain	Bochtaineacht leanúnach %
2006	6.5
2007	5.1
2008	4.2

b) ***Táscairí um chuimsiú sóisialta an AE (mar atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta)***

Foilsíodh an nuashonrú is déanaí maidir le dul chun cinn i leith chur i ngníomh na straitéisí sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta i Samhain 2009. Taispeánann an tuarascáil sin go raibh na spriocanna a leagadh amach go deireadh 2008 á mbaint amach, a bheag nó a mhór. Is iad figiúirí 2008 na figiúirí is déanaí a foilsíodh.

Príomhstraitéisí chun an Sprioc Ardleibhéil a bhaint amach

5.1 Cur chun feidhme straitéisí an Rialtais um chuimsiú sóisialta a chomhordú tríd na meicníochtaí monatóireachta agus tuairiscithe arna soláthar sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta*

5.2 Cur chuige straitéiseach a fhorbairt agus a chur chun feidhme i leith straitéisí an Rialtais um chuimsiú sóisialta a chur in iúl

5.3 Cuid de fhorbairt an bheartais phoiblí a dhéanamh de chuspóirí frithbhochtaineachta agus cuspóirí um chuimsiú sóisialta

5.4 Forbairt straitéisí cuí sonraí agus taighde a chur chun cinn le bheith mar bonn le beartais frithbhochtaineachta agus chun monatóireacht níos fearr a éascú ar thorthaí

5.5 Beartais chuí a fhorbairt ar aon dul leis an Athbhreithniú ar Chaiteachas ar an Liúntas Leasa Forlíontaigh

5.6 Bheith rannpháirteach i bhforbairt bheartais an AE agus beartais agus cleachtais idirnaisiúnta slándála sóisialta i réimse an chuimsithe shóisialta

5.7 Go bhfaighidh custaiméirí an íocaíocht cheart Liúntas Leasa Forlíontaigh faoin dáta íocaíochta dlite

5.8 Iarratais ar íocaíochtaí den Liúntas Leasa Forlíontach a phróiseáil go tráthúil, go cruinn agus go héifeachtúil.

5.9 Leanúint de bheith ag comhoibriú leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun an Scéim Chóiríochta ar Cíos a chur i ngníomh

5.10 Tacú le daoine ar ioncam íseal chun díriú ar a gceisteanna fiachais trí fhorbairt na Seirbhíse Buiséadta agus Comhairle Airgid

5.11 Comhar a chur chun cinn ar cheisteanna cuimsithe sóisialta idir Éire agus dlínsí eile, go háirithe Tuaisceart Éireann

Clár 5 – Bochtaineacht & Cuimsiú Sóisialta				
Ionchuir				
	2009 Measachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún	**2009 Toradh sealadh € milliún**	**2010 Measachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún**	**% d'athrú in 2010 ar thoradh 2009**
Caiteachas ar Chláir - Reatha	1,049.7	968.9	948.2	-2.1%
Riarachán na gClár				
- Pá	1.7	2.3	2.4	5.1%
- Neamhphá	66.5	65.0	68.5	5.49%
Caiteachas Comhlán ar Chláir	1,117.9	1,036.2	1,019.1	-1.6%
An líon foirne atá fostaithe ar chlár (coibhéisí lánaimseartha) amhail ag deireadh na bliana.				
- Roinn		40.4		
- Seirbhís Leasa Pobail an FSS (riarachán an Liúntais Leasa Forlíontaigh)		885.7		

Clár 5 - Bochtaineacht agus Cuimsiú Sóisialta - Leibhéal Gnó

		2009		2010
Leibhéal Gnó		Bonn don mheastachán	Iarbhír	Bonn don mheastachán
Scéim	Tomhas			
Liúntas Leasa Forlíontach – Buníocaíochtaí	Meánlíon na bhfaighteoirí	45,960	38,460	35,000
Forlíonadh Cíosa	Meánlíon na bhfaighteoirí	84,000	92,000	98,000
Forlíonadh Ús Morgáiste	Meánlíon na bhfaighteoirí	10,460	13,700	14,500
ocaíocht do Riachtanais Eisceachtúla	Líon iomlán na n-íocaíochtaí	309,000	240,000	287,000
Liúntas Breosla	Meánlíon na bhfaighteoirí	225,000	318,000	347,000

Clár 5 - Bochtaineacht agus Cuimsiú Sóisialta - Aschuir Bheartais Cheannlíne

Aschur Beartais Cheannlíne	Sprioc 2009	Bainte amach 2009	Sprioc 2010
Atbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne	Lánpháirtiú iomlán na Gníomhaireachta um Chomhrac na Bochtaine agus an Oifig um Chuimsiú	Lánpháirtiú tugtha chun críche	Freagracht as cuimsiú sóisialta a aistríodh chuig an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
	MABS a chomhcheangal leis an mBord Eolais do Shaoránaigh (CIB) faoi Iúil 2009.	Beart críochnaithe de réir sceidil	
Brostú a dhéanamh ar ghlacadh na dtreoirlínte le haghaidh Measúnú ar Thionchar na Bochtaineachta (PIA) i ranna Rialtais	Cur i bhfeidhm na dtreoirlínte don Mheasúnú ar Thionchar na Bochtaineachta (PIA) a bhrostú, lena n-áirítear:		
	(1) An PIA a chur i ngníomh le húdarás áitiúil i bhfoirm treoirscéime.	Beart tugtha chun críche Treoirscéim PAI tugtha chun críche in dhá cheann d'údaráis áitiúla	
	(2) Uirlis / treoir shimplí PIA a fhorbairt /le cur chun feidhme sa Roinn ag leibhéil éagsúla de chur chun feidhme beartas agus clár.	Á fhorbairt	
	(3) Modúl oiliúna a fhorbairt le cur ar fáil do gach Roinn Rialtais.	Á fhorbairt	

8. Clár 6 – Aitheantas agus Teacht Slán ar Sheirbhísí

Sprioc Ardleibhéal

Aitheantas custaiméirí a bhunú agus a fhíorú le haghaidh seirbhísí poiblí agus tacú le forbairt agus imlonnú creat beartais aitheantais ar fud na seirbhíse poiblí

Táscairí an tionchair chomhiomláin

a) Dul chun cinn déanta chun clár na Timpeallachta Creatlaí i gcomhair Fíordheimhniú Caighdeáin a chur chun feidhme
b) Córais éifeachtúla agus éifeachtacha bainistíochta aitheantais forbartha agus curtha chun feidhme, seirbhísí bainistíochta aitheantais arna soláthar do ghníomhaireachtaí seachtracha, prionsabail slándála agus príobháide ceaptha agus curtha chun feidhme.

Príomhstraitéisí chun an Sprioc Ardleibhéil a bhaint amach

6.1 Timpeallacht Creatlaí i gcomhair Fíordheimhniú Caighdeáin (SAFE) a fhorbairt i gcomhar leis an Lárionad um Fhorbairt Bainisteoireachta agus Eagrúcháin

6.2 Seirbhís leasaithe chlárúcháin a fhorbairt chun aitheantas custaiméirí a bhunú

6.3 Leithdháileadh agus úsáid na hUimhreach Pearsanta Seirbhíse Poiblí a bhainistiú

6.4 Cártaí Seirbhísí Poiblí a ghéilleann do SAFE a sholáthar agus a bhainistiú agus iad a chur chun cinn lena n-úsáid i ngníomhaireachtaí eile

6.5 Seirbhísí bainistíochta aitheantais a sholáthar do ghníomhaireachtaí seachtracha

6.6 Áiseanna agus próisis slándála bunúsacha a athbhreithniú agus a fheabhsú chun deimhin a dhéanamh de go neadófar na prionsabail cosanta sonraí sin tuilleadh i gcóras na Roinne

Clár 6 – Bainistiú Aitheantais agus Teacht Slán ar Sheirbhísí				
Ionchuir				
	2009 Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún	**2009 Toradh sealadh € milliún**	**2010 Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún**	**% d'athrú in 2010 ar thoradh 2009**
Caiteachas ar Chláir - Reatha	-	-	-	
Riarachán na gClár				
- Pá	6.0	5.7	6.0	4.3%
- Neamhphá	11.2	3.4	13.9	308.4%
Caiteachas Comhlán ar Chláir	17.2	9.1	19.9	117.6%
An líon foirne atá fostaithe ar chlár (coibhéisí lánaimseartha) amhail ag deireadh na bliana.				
- Státseirbhísigh		141.1		
- Seirbhísigh phoiblí eile				

Clár 6 - Bainistíocht Aitheantais agus Teacht Slán ar Sheirbhísí - Aschuir			
Aschuir	**Sprioc 2009**	**Bainte amach 2009**	**Sprioc 2010**
Ionannas custaiméara a bhunú agus a fhíorú le haghaidh seirbhísí poiblí agus tacú le forbairt agus imlonnú creat beartais ionannais ar fud na seirbhíse poiblí.	Feidhmiúlacht um fhíorú ionannas custaiméirí a bheith ar fáil faoi dheireadh 2009.	Tá an tionscadal loicthe i ngeall ar thosca airgeadais atá i réim. Fuarthas ceadú foirmeálta chun dul ar aghaidh leis an tionscadal ón Roinn Airgeadais i mí Dheireadh Fómhair 2009. Atosaíodh an tionscadal díreach ina dhiaidh sin.	Seirbhís nua chlárúcháin i bhfeidhm de réir na gcaighdeán (SAFE) riachtanach faoi dheireadh 2010
	Ionaid chlárúcháin UPSP a chomhdhlúthú i Maigh Eo agus i Ros Comáin.	An cuíchóiriú ar leanúint agus trí chontae fós le déanamh	Cuíchóiriú iomlán go 29 ionad clárúcháin réigiúnach faoi dheireadh 2010.
An Cárta Seirbhíse Poiblí	Tús a chur le heisiúint Cárta Seirbhíse Poiblí nua faoi dheireadh 2009	Tá an tionscadal loicthe i ngeall ar thosca airgeadais atá i réim. Fuarthas ceadú foirmeálta chun dul ar aghaidh leis an tionscadal ón Roinn Airgeadais i mí Dheireadh Fómhair 2009. Atosaíodh an tionscadal díreach ina dhiaidh sin. Conradh le soláthraí seirbhíse bainistithe tugtha chun críche chun tosú i mí Eanáir 2010.	Eilimintí den tionscadal nár tugadh chun críche fós a thabhairt chun críche agus eisiúint PSC a thosú faoi dheireadh 2010
Soláthar seirbhísí ionannais seirbhíse poiblí do ranna agus do ghníomhaieachtaí eile seirbhíse poiblí	Miondealaítear spriocanna 2009 de 97,000 mar seo a leanas: Oifig an Ard-Chláraitheora 57,000 agus gníomhaireachtaí eile seirbhíse poiblí 40,000.	Próiseáladh 77,052 iarraidh san iomlán ar Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí a mheaitseáil agus a bhailíochtú sa bhliain 2009 - 40,775 (Oifig an Ard-Chláraitheora) agus 36,277 (Other Public Service Agencies).	Is é 160,000 cás an sprioc measta do mheaitseáil agus bailíochtú uimhreacha PSP sa bhliain 2010 - 40,000 (Oifig an Ard-Chláraitheora) agus 120,000 (Gníomhaireachtaí Eile Seirbhíse Poiblí)
Feabhsuithe cuí ar an nós imeachta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm ar na córais ríomhaireachta	Prótacail agus nósanna imeachta forbartha chun bheith mar bhonn faoi bheartais faoi dheireadh 2009.	Beartas nua coinneála sonraí forbartha agus tugtha isteach. Tús curtha le Tionscadal Aicmithe agus Coinneála Sonraí le linn 2009	An chéad chéim den Tionscadal Aicmithe & Coinneála Sonraí le bheith críochnaithe faoi dheireadh na 2ú Ráithe.
	Uirlis oiliúna idirghníomhach forbartha agus sceidealta chun rolladh amach don fhoireann sa 2ú Ráithe 2009.	Baineadh úsáid rathúil as an uirlis oiliúna idirghníomhach mar chuid den Chlár Feasachta um Chosaint Sonraí a tugadh chun críche sa 2ú Ráithe.	

9. Clár 7 – Cumas Oibriúcháin & Nuachóiriú

Sprioc Ardleibhéal
Eagraíocht éifeachtach, inoiriúnaithe agus cumasach agus cultúr sármhaitheasa a fhorbairt tuilleadh

Táscairí an tionchair chomhiomláin
a) Sástacht custaiméirí inmheánacha arna tomhas le suirbhéanna tréimhsiúla
b) Sástacht custaiméirí seachtracha arna tomhas le suirbhéanna tréimhsiúla
c) An méid a baineadh amach faoi Phlean Gníomhaíochta Nuachóirithe na Roinne
d) Straitéis Daonacmhainní a chur i ngníomh

Príomhstraitéisí chun an Sprioc Ardleibhéil a bhaint amach

7.1 Straitéis nua Acmhainní Daonna a fhorbairt i gcomhair na tréimhse 2009-2012

7.2 Na próisis Acmhainní Daonna a lánpháirtiú go héifeachtach leis an gCóras Forbartha agus Bainistíochta Feidhmíochta

7.3 Eagraíocht foghlama a fhorbairt

7.4 Plean Gníomhaíochta na Roinn um Nuachóiriú a chur i ngníomh ina leagtar amach 60 réimse gníomhaíochta lena n-áirítear Nuachóirú ar Sheachadadh Seirbhíse, bainistiú eolais agus beartais athbhreithnnithe i dtaca le cásanna nua

7.5 Cumas éifeachtach forbartha beartais a thacú agus a fhorbairt, lena n-áirítear Luach ar Airgead agus Athbhreithnithe Beartas

7.6 Tacú le gníomhaireachtaí stáit agus monatóireacht a dhéanamh orthu faoi choimirce na Roinne i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna reachtúla

7.7 Clár díláraithe na Roinne a chur i ngníomh

7.8 Cinneadh an Rialtais a chur i ngníomhmaidir leis na nithe seo a leanas:
a) aistriú na Seirbhíse Leasa Pobail ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go dtí an Roinn seo,
b) aistriú Oifig an Ard-Chláraitheora ón Roinn Sláinte agus Leanaí go dtí an Roinn seo, agus
c) aistriú na Scéimeanna Sochair Chóireála ón Roinn seo go dtí an earnáil sláinte

7.9 Cumas Theicneolaíocht Eolais agus Chumarsáide a chinntiú chun tacú leis an ngnó

7.10 Pleananna Gníomhaíochta do Chustaiméirí seachtracha agus inmheánacha, Straitéis Eolais do Chustaiméirí agus Straitéis Cainéal a chur i dtoll a chéile agus a chur i ngníomh, chun an chumarsáid is fearr is féidir a dhéanamh le custaiméirí

7.11 Cultúr de fheabhsuithe leanúnacha inbhuanaithe ar phróisis a neadú ar fud na Roinne

7.12 Córais láidre rialachais chorparáidigh, bainistíochta airgeadais agus tuairiscithe a choinneáil

7.13 Córais sásaimh a chinntiú do chustaiméirí leasa shóisialaigh (lena n-áirítear athbhreithniú agus achomharc neamhspleách)

7.14 Cóiríocht chun freastal do riachtanais na foirne agus na gcustaiméirí

Clár 7 – Cumas Oibriúcháin agus Nuachóiriú				
Ionchuir				
	2009 Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún	**2009 Toradh sealadh € milliún**	**2010 Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí € milliún**	**% d'athrú in 2010 ar thoradh 2009**
Caiteachas ar Chláir - Reatha	29.1	28.6	46.5	62.6%
Riarachán na gClár				
- Pá	42.0	44.1	38.4	-12.9%
- Neamhphá – reatha	53.2	38.5	59.5	54.5%
- Neamhphá – caipitil	13.1	7.1	9.4	32.4%
Caiteachas Comhlán ar Chláir	137.4	118.3	153.7	29.9%
An líon foirne atá fostaithe ar chlár (coibhéisí lánaimseartha) amhail ag deireadh na bliana.				
- Roinn		760.5		
- An Bord Eolais do Shaoránaigh		86.0		

Clár 7 - Cumais Oibriúcháin & Nuachóiriú	
Leibhéal iomlán gnó na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh sa bhliain 2009	
Líon na n-éileamh a d'imréitigh an Roinn (1)	2,620,385
Líon na n-éileamh dáfa	2,260,333
Céatadán na n-éileamh dáfa laistigh den spriocthréimhse	75%
Líon na n-éileamh aistarraingthe	151,187
Líon na n-éileamh diúltaithe	236,430
Líon na n-éileamh faighte (níl ceart achomhairc ach i gcás éileamh diúltaithe)	25,963
Líon na gcinntí a rinne Oifigigh Achomhairc i bhfabhar achomhairc	8,568
Líon na ndaoine a bhí ag fáil íocaíochtaí seachtainiúla ag deireadh 2009	1,379,206
Líon na dtairbhithe i gcás íocaíochtaí seachtainiúla ag deireadh 2009	2,076,256
Líon na ndaoine a bhí ag fáil íocaíochtaí seachtainiúla agus íocaíochtaí Sochar Linbh ag deireadh 2009	1,982,137
Líon iomlán na n-idirbheart íocaíochta sa bhliain 2009	83,360,456

Nótaí

(1) Ní áirítear air éilimh arna riaradh ag comhlachtaí eile ar nós Liúntais Leasa Forlíontacha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus scéimeanna iomarcaíochta agus dócmhainneachta ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Áirítear air éilimh ar an dá chineál phríomhscéime (e.g. Cuardaitheora Poist) agus sochair thánaisteacha (Sochair Teaghlaigh)

Clár 7 - Cumais Oibriúcháin & Nuachóiriú - Aschuir Cheannlíne			
Aschuir	**Sprioc 2009**	**Bainte Amach 2009**	**Spriocanna 2010**
Acmhainní Daonna	Imlonnú líon leordhóthanach foirne a fhoinsiú agus tús áit a thabhairt dó chun déileáil leis an méadú mear an mBeochlár, ag féachaint do moratorium an Rialtais ar earcú, agus do dheiseanna luathscoir agus sosanna gairme, chun seirbhís ar ardchaigdeán a chinntiú chustaiméirí, chomh tapaidh agus is féidir.	Le linn 2009, líonadh thart ar 360 post trí bhaill foirne a athimlonnú agus a aistriú ó Ranna eile chun déileáil leis an méadú ar an mBeochlár agus chun folúntais a lionadh mar thoradh ar dhaoine a chuaigh ar scor, a aistríodh, a ghlac le sos gairme nó le luathscor.	Leanúint de bheith ag foinsiú ball foirne chun déileáil leis an mBeochlár agus chun poist ríthábhachtach a líonadh a thagann chun bheith folamh.
	Nósanna imeachta a athbhreithniú d'fhonn méadú a chur ar thinreamh.	Ghlac an Roinn páirt ghníomhach i ngrúpa d'Oifigigh Phearsanra a bhunaigh an Roinn chun scrúdú a dhéanamh ar mholtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste . Tá nósanna imeachta (maidir le gach folúntas) á dtástáil i roinnt Oifigí Áitiúla. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar nósanna imeachta inmheánacha chomh maith.	Feabhsuithe a dhéanamh i mbainistíocht feidhmíochta agus i ráta an ama chaillte.
	350-400 cúrsa, tús áite a thabhairt don oiliúint, do mheantóireacht agus d'aistriú scileanna chun an fhoireann a threalmhú chun seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí atá buailte ag an méadú ar an mBeochlár.	377 cúrsa seachadta, mar aon le hoiliúint ar fheidhmchláir nua m.sh. SOLAS agus Time & Attendance	350 - 400 cúrsa, móide an dá mhórchlár oiliúna SOLAS and T&A
	8,000 lá oiliúna a sholáthar, lena n-áirítear oiliúint ar an láthair	9200	8,500
	4% ar a laghad de chostais phárolla a infheistiú in oiliúint	Tá súil le toradh de idir 3.5% agus 4%	4% de chostais phárolla
Réiteach Íocaíochtaí agus Gníomhaireachtaí	An córas nua a bheith i bhfeidhm faoin dara ráithe 2009	An córas nua i bhfeidhm	

Clár 7 - Cumais Oibriúcháin & Nuachóiriú - Aschuir Cheannlíne			
Aschuir	**Sprioc 2009**	**Bainte Amach 2009**	**Spriocanna 2010**
Athbhreithniú ar an Eagraíocht agus ar Struchtúir	Athbhreithniú tugtha chun críche faoi dheireadh 2009	Tugadh agallaimh chun críche le gach ball den Bhord Bhainistíochta agus eagraíodh roinnt ceardlanna chun 'fís' a aontú le haghaidh gnó agus ról na Roinne sa todhchaí. Braitheadh gurbh fhiúntach agus ráthúil an beart seo go háirithe agus cúinsí eacnamúla mar atá. Réitíodh doiciméad mar gheall ar thionscadail féideartha lena bhféadfaí bogadh ar aghaidh ó 'faoi mar atá' go dtí an 'fhís'. Rud amháin a chuireann le castacht na hoibre agus an athbhreithnithe agus don struchtúr. Cuireann fógraí an Rialtais (Márta 2010) maidir le hathailíniú obair na Roinne agus gníomhaireachtaí tuilleadh le castacht an athbhreithnithe sin.	Cuirfear tús le hobair fhoirmeálta ar an tionscadal seo nuair a bheidh na baill nua MB go léir ceaptha níos déanaí sa bhliain 2010 agus na hathailínithe gnó soiléirithe. Bhí an obair a rinneadh go dtí seo mar bhonn le hathruithe struchtúracha a rinneadh sa Roinn ó shin agus leanfar leis sin sa todhchaí.
Straitéis um Nuachóiriú Íocaíochtaí	97% de chustaiméirí a bheith á n-íoc go leictreonach faoi dheireadh na bliana.	92% de chustaiméiri íoctha go leictreonach faoi dheireadh 2009	96% de chustaiméirí íoctha go leictreonach faoi dheireadh 2010.
			Iarratas ar fhaisnéis maidir le hinfhaighteacht seirbhísí íocaíochta do chustaiméirí le bheith eisithe sa Tríú Ráithe de 2010.

Clár 7 - Cumas Oibriúcháin & Nuachóiriú - Aschuir Cheannlíne			
Aschuir	**Sprioc 2009**	**Bainte Amach 2009**	**Spriocanna 2010**
Seirbhís do Chustaiméirí	Seolfar an Chairt agus an Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí sa dara ráithe de 2009.	Cairt nua do Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí seolta i mBealtaine 2009. Seirbhísí ar líne do chustaiméirí seolta sa bhliain 2009: 1. Réimse Teagmhála www.welfare.ie a athdhearedh, agus leathanaigh tiomnaithe d'Oifigí Áitiúla san áireamh 2. Iarratas ar líne ar Thaifead Árachais Shóisialaigh 3. "Dún m'Éileamh ar Íocaíocht Chuardaitheora Poist" a bheith ar fáil ar líne in 25 Oifig Áitiúil faoi dheireadh 2009 4. Iarratas ar Líne ar Ráiteas maidir le Pinsean/Sochar íoctha 5. Calaois amhrais a thuairisciú ar líne	1. Seirbhísí ar líne "Dún m'Éileamh ar Íocaíocht Chuardaitheora Poist" a leathnú chuig gach Oifig Áitiúil agus Oifig Brainse 2. Táirgeadh Ráitas Sochair a uathoibriú le haghaidh réimsí áirithe scéime 3. Raon na seirbhísí ar líne atá ar fáil ar www.welfare.ie a leathnú
Nuachóiriú na Seirbhíse Atreoraithe agus Measúnaithe Liachta, agus Seirbhís Bainistíochta Cásanna san áireamh	Feabhsú ar an bpróiseas gnó a thabhairt chun críche faoin Dara Ráithe 2009 mar bhonn le córas nua bainistíochta cásanna. Cuirfear an chéad chéim de cheithre chéim ar fáil i mí Dheireadh Fómhair 2009, agus an chéim dheiridh i mí an Mheithimh 2010	Céim 1: Athsholáthar an stoic reatha agus an chórais íocaíochta le haghaidh soláthar teastas dochtúra do dheimhnitheoirí agus cuireadh próiseáil íocaíochtaí faoin gcóras sin i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2009	Céim 2 :(Atreoruithe , Uathoibriú measúnú deisce agus tacaíocht le haghaidh sceidealú) le seachadadh i mí Feabhra 2010, Céim 3 : (Bainistíocht Cásanna) le seachadadh i mí na Bealtaine 2010. Céim 4 : (Uathoibriú measúnaithe pearsanta) le seachadadh i mí Iúil 2010, agus iad ar fad faoi réir réiteach na saincheisteanna caidrimh thionsclaíoch reatha
Nuachóiriú ar Sheachadadh Seirbhísí	Féachaint ar bhealaí chun cabhrú leis an bhfoireann déileáil leis an méadú ar iarratais ar íocaíochtaí Cuardaitheora Poist	Tionscnaíodh tionscadal um Phróiseas Nuachóirithe ar Oifigí Áitiúla (LOPM) sa bhliain 2009. Cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm go dtí seo, lena n-áirítear cur faoi chois tuairiscí agus eisiúint uathoibríoch comhfhreagrais. Tá an obair idir lámha chun éileamh agus deimhniú féinseirbhíse a sheachadadh bealach cainéalacha éagsúla. Tá conradh faoi chaibidlíocht faoi láthair do thionscadal gaolmhar faoina bhféadfaí dífhostaíocht a dheimhniú ar fhón póca.	Tabharfar an obair ar an tionscadal reatha um Phróiseas Nuachóirithe ar Oifigí Áitiúla chun críche faoi lár na bliana 2010. Dealraíonn sé go bhféadfadh roinnt tionscadal leantacha a bheith de dhíth chun feabhsuithe breise a dhéanamh ar Oifigí Áitiúla. Is é an tríú ráithe 2010 an sprioc chun Deimhniú Dífhostaíochta le Fón Póca a bheith curtha i bhfeidhm.

Clár 7 - Cumas Oibriúcháin & Nuachóiriú - Aschuir Cheannlíne			
Aschuir	**Sprioc 2009**	**Bainte Amach 2009**	**Spriocanna 2010**
Nuachóiriú ar Sheachadadh Seirbhísí	Feidhmiúlacht a sholáthar chun gur féidir an Liúntas Cúraim Bhaile agus Liúntas Leasa na nDall a íoc (le haistriú ón FSS sa bhliain 2009)	Tá éilimh ar Chúraim Bhaile á n-íoc ar SDM ó Aibreán 2009.	
Áiseanna Cóiríochta le haghaidh foireann na Roinne	Sé cinn d'oifigí áitiúla nua a sholáthar agus aon cheann déag eile a uasghrádú chun freastal don méadú ar an mBeochlár.	Osclaíodh dhá cheann d'oifigí áitiúla nua agus athchóiríodh ocht gcinn i gcaitheamh na bliana. Rinneadh dul chun i leith feabhsú seacht n-oifig eile.	Oifig nua a oscailt i Mala agus oifig nua sealadach ag Baile Brigín. Oibreacha a thabhairt chun críche ag oifig áitiúil an Chabháin.
	Soláthar cheannárais nua díláraithe & Oifig Áitiúil i mBun Chranncha, sceidealta do dheireadh 2009.	Ceannáras nua díláraithe & Oifig Áitiúil oscailte i mBun Chranncha, faoi mar a bhí sceidealta, go déanach sa bhliain 2009.	